Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Talamh do Thógaint go hÉigeantach

FOIRM FÓGRA I dTAOBH ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH A DHÉANAMH FAOI ALT 76 DEN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT TITHÍOCHTA, 1966, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH.2), 1960, A FHOILSIÚ DE RÉIR AILT 4(a) DEN TRÍÚ SCEIDEAL A GABHANN LEIS AN nGNÍOMH TITHÍOCHTA, 1966, MAR A LEASAÍODH LEIS AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS FAOI ALT 213 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ), AGUS ALT 184 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001.

Scéim Taistil Gníomhach Pháirc an Chaisleáin an Bhaile Bháin
Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uimh. BCCNS-CPO-001, 2024

Comhairle Cathrach na Gaillimhe (dá ngairtear "an t-údarás áitiúil" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 76 d'Acht na dTithe, 1966 , agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis, arna leathnú le halt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960 (arna ionadú le halt 86 d'Acht na dTithe, 1966) arna leasú le halt 6 agus leis an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na mBóithre, 1993 agus arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus faoi alt 213 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus alt 184 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá ordú dar teideal mar atá thuas déanta acu atá ar tí a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena dheimhniú.

Má dhaingnítear é, údaróidh an t-ordú don údarás áitiúil an talamh agus/nó na cearta a thuairiscítear i gCuid I, Cuid II agus Cuid IV (Alt A) den Sceideal a fháil go héigeantach chun críocha Scéim Taistil Ghníomhach Pháirc an Chaisleáin a thógáil go héigeantach a bhfuil comhfhad iomlán de thart ar 2400m, ó R865 Bóthar an Bhaile Bán, óna acomhal le Bóthar Mhuine Mheá an R339 go pointe timpeall 130m lastuaidh de Thimpeallán an Sciobairt (R338 Bóthar Bhaile Átha Cliath) agus an L5029 Bóthar Pháirc an Chaisleáin, óna acomhal le R865 Bóthar an Bhaile Bháin go dtí a acomhal le R339 Bóthar Mhuine Mheá, go léir i gContae na Gaillimhe agus laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, mar aon leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha go léir a bhaineann leo.

Má dhaingnítear é, údaróidh an t-ordú don údarás áitiúil srian nó cur isteach ar shlí eile ar na cearta príobháideacha a thuairiscítear i gCuid IV (Alt B) den Sceideal.

Gheobhaidh úinéirí, léasaithe agus áititheoirí na talún agus/nó na gceart a thuairiscítear sa Sceideal Cuid I, Cuid II agus Cuid IV fógra aonair i scríbhinn,agus aon agóid i gcoinne an talamh nó na gceart a thuairiscítear sa Sceideal Cuid I, Cuid II agus Cuid IV a fháil go héigeantach, ba cheart é a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902 tráth nach déanaí ná 4.30pm ar 27 Meán Fomhair 2024.

Is féidir cóip den ordú agus de na léarscáileanna dá dtagraítear ann a fheiceáil ag:

Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh
H91 X4K8

Ar laethanta oibre idir na huaireanta 09:00 agus 16:00 ó 31 Lúil go 27 Meán Fomhair 2024

Nó
An Board Pleanála

64 Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 V902

Ar laethanta oibre idir na huaireanta 09:15 agus 17:30 ó 31 Lúil go 27 Meán Fomhair 2024.

Tá cóip den ordú agus de na léarscáileanna dá dtagraítear in ag ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Scéim Taistil Gníomhach Pháirc an Chaisleáin an Bhaile Bháin ag https://www.galwaycity.ie/ballybanecastlepark

Arna dhátú 23 Lúil 2024

Patrick Greene

Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Comhairle Cathrach na Gaillimhe